Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Samhain 2020**
**(OR. en)**

**13317/20**

**SPORT 43**
**SAN 421**
**JEUN 126**
**SOC 751**
**EDUC 423**
**SUSTDEV 164**
**ENV 738**
**EMPL 533**
**MIGR 158**
**GENDER 143**
**TOUR 28**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12844/20 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir leis an gcomhar trasearnála a chur chun cinn ar mhaithe leis an spórt agus leis an ngníomhaíocht choirp sa tsochaí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na Conclúidí maidir leis an gcomhar trasearnála a chur chun cinn ar mhaithe leis an spórt agus leis an ngníomhaíocht choirp sa tsochaí, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad an 27 Samhain 2020.

Cuirfear na conclúidí seo ar aghaidh lena bhfoilsiú san Iris Oifigiúil, mar a chinn Coiste na mBuanionadaithe an 18 Samhain 2020.

**Conclúidí ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle,**
**maidir leis an gcomhar trasearnála a chur chun cinn ar mhaithe leis an spórt agus leis an ngníomhaíocht choirp sa tsochaí**

**MAIDIR LEIS AN gCOMHAIRLE AGUS IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT, AG TEACHT LE CHÉILE DÓIBH I dTIONÓL NA COMHAIRLE**

**AG MEABHRÚ DÓIBH AN MÉID SEO A LEANAS**

1. Sa Mholadh ón gComhairle an 26 Samhain 2013 maidir le gníomhaíocht choirp ar mhaithe le feabhsú sláinte a chur chun cinn ar fud earnálacha[1], moltar, *inter alia*, go n-oibreodh na Ballstáit i dtreo beartas éifeachtach HEPA[2] trí chur chuige trasearnála a fhorbairt ina mbeadh réimsí beartais lena n-áirítear an spórt, an tsláinte, an t-oideachas, an comhshaol agus an t-iompar, chomh maith le hearnálacha ábhartha eile agus i gcomhréir le sainiúlachtaí náisiúnta[3].

2. Sna Conclúidí ón gComhairle an 15 Nollaig 2015 maidir le scileanna luaile, gníomhaíochtaí coirp agus spóirt do leanaí a chur chun cinn, iarrtar ar na Ballstáit machnamh a dhéanamh ar bheartais trasearnála a chur chun feidhme, leis na hearnálacha oideachais, óige agus sláinte i measc earnálacha eile, chun gníomhaíochtaí coirp agus scileanna luaile sa luath-óige a chur chun cinn[4].

---

[1] Liostaítear na tagairtí go léir a luaitear sa doiciméad seo san Iarscríbhinn.
[2] Gníomhaíocht choirp ar mhaithe le feabhsú sláinte
[3] Féach moladh 1
[4] Féach mír 13

3. Sna Conclúidí ón gComhairle, an 9 Nollaig 2017, maidir le ról na dtraenálaithe sa tsochaí, cuirtear i bhfios go láidir nach mór gnéithe idirnáisiúnta agus trasearnála a chur le hoiliúint na dtraenálaithe trí dhea-shamplaí agus modhanna oibre fónta a lánpháirtiú leis an obair don óige amhail an fhoghlaim seachfhoirmiúil agus neamhfhoirmiúil, an obair le daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu agus fiontraíocht[5].

4. Sna Conclúidí ón gComhairle an 13 Nollaig 2018 maidir le gné eacnamaíoch an spóirt agus na sochair shocheacnamaíocha a ghabhann leis, iarrtar ar na Ballstáit tacú leis an smaoineamh seo a leanas, agus é a scaipeadh: síneadh a chur leis an léargas a thugtar ar ghné eacnamaíoch an spóirt trí bhíthin gnéithe socheacnamaíocha a chur san áireamh, go mór mór obair dheonach, gnéithe sláinte agus eacnamaíocha agus an nuálaíocht, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal náisiúnta, agus trí fheabhas a chur ar an gcomhar trasearnála[6]**.**

5. Sna Conclúidí ón gComhairle an 11 Meitheamh 2020 maidir le traenálaithe a chumhachtú trí dheiseanna a fheabhsú chun scileanna agus inniúlachtaí a ghnóthú, iarrtar ar an ngluaiseacht spóirt an comhar trasearnála a fheabhsú, i gcomhar leis na hinstitiúidí ábhartha ar leibhéal an Aontais, ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach nó áitiúil, chun léargais agus modhanna nua a chur i bhfeidhm ar an ngnáthobair, agus ról a thabhairt don earnáil taighde agus nuálaíochta i bhforbairt clár oideachais agus oiliúna do thraenálaithe[7]**.**

6. Sna Conclúidí ón gComhairle an 29 Meitheamh 2020 maidir le tionchar phaindéim COVID-19 agus téarnamh san earnáil spóirt, iarrtar ar na Ballstáit an comhar agus comhairliúcháin trasearnála a chur chun cinn i réimsí is ábhartha don spórt ar gach leibhéal, lena n-áirítear leis an ngluaiseacht spóirt, leis an earnáil gnó a bhaineann leis an spórt agus le geallsealbhóirí ábhartha eile, chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin atá roimh an earnáil spóirt de bharr phaindéim COVID-19 agus seasamh an spóirt sa tsochaí a neartú[8].

---

5 Féach mír 14 h)
**6** Féach mír 23
7 Féach mír 40
8 Féach mír 25

7. Aithnítear i bPlean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt 2017-2020 go bhfuil ról dearfach ag an spórt sa chomhar trasearnála ar leibhéal an Aontais agus ar an gcaoi sin go gcabhraíonn sé le forbairt inbhuanaithe a áirithiú agus le dul i ngleic ar bhealach leordhóthanach leis na dúshláin uileghabhálacha socheacnamaíocha agus slándála atá os comhair an Aontais[9].

8. Leagtar béim i gCairt Eorpach Spóirt Chomhairle na hEorpa ar an tábhacht a bhaineann leis an gcomhordú idir réimsí éagsúla beartais chun a áirithiú gur dlúthchuid den fhorbairt shoch-chultúrtha é an spórt[10].

9. Cumhdaítear faoi Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe ról an spóirt mar chumasóir tábhachtach don fhorbairt inbhuanaithe, agus an rannchuidiú méadaitheach atá á dhéanamh aige le, *inter alia*, cuspóirí sláinte, oideachais agus cuimsithe sóisialta[11].

**AGUS AN MÉID SEO A LEANAS Á ADMHÁIL ACU**

10. Éiríonn leis an spórt agus leis an ngníomhaíocht choirp, ach é a dhéanamh go freagrach agus é coigeartaithe do shaintréithe an duine aonair, sláinte agus folláine gach glúine a chur chun cinn, agus ag an am céanna cuidíonn siad leis an ualach ar an gcóras sláinte a laghdú[12].

11. Nuair a dhéantar an spórt sa phobal, go háirithe i gclubanna spóirt, is féidir an comhtháthú sóisialta agus an rannpháirtíocht shóisialta a neartú agus ar an gcaoi sin an imeascadh agus an cuimsiú a chur chun cinn.

12. Tugann obair dheonach i réimse an spóirt an deis scileanna breise a ghnóthú agus cur go gníomhach le forbairt na bpobal áitiúil.

13. I réimse an iompair, is cuid thábhachtach de chosaint an chomhshaoil agus na haeráide í an ghníomhaíocht choirp i bhfoirm siúlóide agus rothaíochta.

---

[9] Féach mír 5

[10] Féach Airteagal 13(1)

[11] Féach go háirithe mír 37

[12] Meastar gurb é EUR 84 bhilliún an costas a bhaineann le neamhghníomhaíocht choirp san Aontas (Nasc: https://ec.europa.eu/jrc/en/science-update/european-public-health-week-jrc-publishes-overview-physical-activity)

**Á CHUR SAN ÁIREAMH DÓIBH**

14. Léiríonn suirbhéanna staidrimh a rinneadh le déanaí, go bhfuil an chuma air go bhfuil líon na ndaoine a ghlacann páirt sa spórt nó i ngníomhaíocht choirp ag lagú nó ag meath fiú i roinnt de na Ballstáit[13].

15. Ina theannta sin, is cosúil go bhfuil méadú ag teacht ar na deacrachtaí atá ag eagraíochtaí spóirt daoine a mhealladh le haghaidh obair dheonach a dhéanamh, go háirithe i gcás gníomhaíochtaí deonacha fadtéarmacha**,** i gclubanna spóirt.

16. Le paindéim COVID-19, agus leis na bearta agus na srianta a cuireadh i bhfeidhm ina dhiaidh sin chun leathadh an víris a chosc, tá tionchar den chuid is mó acu ar chleachtadh an spóirt agus na gníomhaíochta coirp, go háirithe maidir leis an spórt comhchoiteann agus eagraithe in ionaid spóirt.

**AGUS SUNTAS Á CHUR SA MHÉID SEO A LEANAS ACU**

17. Tá níos mó i gceist leis an spórt agus leis an ngníomhaíocht choirp ná gníomhaíocht fóillíochta don duine aonair. Mar gheall ar an dea-thionchar[14] a bhíonn acu, is chun leas an phobail é an spórt agus an ghníomhaíocht choirp a chur chun cinn i measc na saoránach uile.

18. Bíonn tionchar suntasach ag dálaí áitiúla ar chinneadh an duine aonair stíl mhaireachtála ghníomhach agus fholláin a shaothrú, chomh maith le páirt a ghlacadh in obair dheonach sa spórt. Tá tábhacht ar leith ag baint le rochtain inacmhainne éasca ar an spórt, agus ar shaoráidí spóirt agus spásanna poiblí a spreagann gníomhaíocht choirp i dtimpeallacht shábháilte. Is amhlaidh atá i gcás bonneagar iompair inbhuanaithe agus pleanáil uirbeach atá oiriúnaithe do riachtanais agus do dhálaí sábháilteachta coisithe agus rothaithe.

19. Cuireann dálaí áitiúla den sórt sin feabhas ar cháilíocht fhoriomlán na beatha i mbardas nó i réigiún, agus ar an gcaoi sin, cuirtear lena iomaíochas agus lena tharraingteacht freisin. Dá bhrí sin, bíonn na héifeachtaí dearfacha le brath lasmuigh de réimse an spóirt agus na gníomhaíochta coirp.

---

[13] Eorabharaiméadar Speisialta 472, an Spórt agus an ghníomhaíocht choirp, Márta 2018 (Nasc: https://data.europa.eu/euodp/en/data/dataset/S2164_88_4_472_ENG)

[14] Féach mar shampla míreanna 10 – 13

20. Is iomaí nasc atá ag an spórt agus an ghníomhaíocht choirp le hearnálacha beartais eile amhail an t-oideachas, an tsláinte, an óige, gnóthaí sóisialta, an bonneagar, an spás poiblí (i.e. páirceanna), forbairt uirbeach agus tuaithe, an t-iompar, an comhshaol, an taighde, an nuálaíocht, an digiteáil, an cultúr, an geilleagar, an fhostaíocht, an turasóireacht agus an comhar idirnáisiúnta, lena n-áirítear a n-ionstraimí maoiniúcháin faoi seach.

21. D'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag an gcomhar trasearnála chun na dálaí do stíl mhaireachtála ghníomhach agus fholláin a chruthú nó a bharrfheabhsú agus, dá bhrí sin, chun acmhainneacht shóisialta dhearfach an spóirt agus na gníomhaíochta coirp a chur i ngníomh, chomh maith le nuálaíocht agus gné eacnamaíoch an spóirt a spreagadh. Is féidir le gníomhaíochtaí comhordaithe ar leibhéil éagsúla a bheith níos éifeachtaí ná idirghabhálacha aonair.

22. Is féidir leis an gcomhar trasearnála, agus le rannpháirtíocht earnáil an spóirt, cur leis an tionchar dearfach a d'fhéadfadh a bheith ag an spórt agus ag an ngníomhaíocht choirp ar earnálacha beartais eile[15].

23. Agus a spriocanna féin á saothrú acu, is féidir leis na gníomhaithe éagsúla san earnáil spóirt[16] rannchuidiú ar bhealach tábhachtach le rath an chomhair trasearnála agus leis na spriocanna foriomlána polaitiúla a bhaint amach ar na leibhéil faoi seach[17]**.**

24. Braitheann rath fadtéarmach an chomhair trasearnála sin go háirithe ar chur chun cinn agus ar thacaíocht na gcinnteoirí polaitiúla agus riaracháin agus, dá bhrí sin ar deireadh thiar thall, ar leas frithpháirteach na ngeallsealbhóirí uile atá rannpháirteach agus a gcuspóirí beartais earnála.

---

**15** Féach mar shampla míreanna 10 - 13

**16** Féach an sainmhíniú atá san Iarscríbhinn

**17** Mar shampla, dá gcuirfí chun cinn an comhar idir clubanna áitiúla spóirt agus scoileanna (e.g. grúpaí spóirt a chur ar fáil san iarnóin), d'fhéadfadh na clubanna spóirt níos mó ball a fháil dá bharr.

**IARRANN SIAD AR NA BALLSTÁIT, AGUS AIRD Á TABHAIRT ACU AR PHRIONSABAL NA COIMHDEACHTA, AGUS AR NA LEIBHÉIL IOMCHUÍ, AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH**

25. Straitéisí frithpháirteacha a fhorbairt agus faireachán a dhéanamh orthu, i gcás inarb iomchuí, in éineacht leis na geallsealbhóirí ábhartha, ina roinnfear freagrachtaí go soiléir chun rannpháirtíocht na saoránach sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp a mhéadú sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma, agus i ndáil leis sin aird ar leith a thabhairt ar an gcomhar trasearnála.

26. Na réimsí beartais agus riaracháin sin is ábhartha don spórt agus don ghníomhaíocht choirp a shainaithint, ar gach leibhéal, i gcás inarb iomchuí agus cinnteoirí na hearnála a spreagadh chun aird níos mó a thabhairt ar na tairbhí is féidir a chruthú leis an spórt agus leis an ngníomhaíocht choirp ina mbeartais faoi seach.

27. An comhar fadtéarmach trasearnála a chur chun cinn agus a spreagadh ar leibhéil éagsúla, *inter alia* trí dhea-chleachtais a chomhroinnt, é a éascú agus tacú leis trí bhíthin bearta iomchuí.

28. Deis a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, do na geallsealbhóirí uile ó earnáil an spóirt, go háirithe an ghluaiseacht spóirt, páirt a ghlacadh sa chomhar trasearnála.

29. Geallsealbhóirí a chur ar an eolas faoi chláir chistiúcháin ábhartha de chuid an Aontais chun tacú le tionscadail trasearnála a bhaineann leis an spórt agus leis an ngníomhaíocht choirp agus/nó leas a bhaint as cláir den sórt sin de réir mar is iomchuí.[18]

[18] Cuir i gcás, Clár Erasmus+, Cistí an Bheartais Comhtháthaithe, nó an Ciste Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe

**IARRANN SIAD AR AN gCOIMISIÚN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH**

30. An comhar trasearnála a chur chun cinn ar mhaithe leis an spórt, leis an ngníomhaíocht choirp agus leis an gcomhtháthú sóisialta trí thionscnaimh iomchuí[19] agus tacú le malartú an dea-chleachtais i ndáil leis an méid sin, lena n-áireofar, de réir mar is iomchuí, líonra phointí fócasacha HEPA[20].

31. Cruinnithe a eagrú le hionadaithe ón earnáil spóirt agus le geallsealbhóirí ábhartha eile chun spriocanna agus straitéisí comhroinnte a fhorbairt, a dhoiciméadú agus faireachán a dhéanamh orthu ar an leibhéal Eorpach, d'fhonn rannpháirtíocht na saoránach sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp a mhéadú sa ghearrthéarma, sa mheántéarma agus san fhadtéarma, agus aird ar leith a thabhairt ar an gcomhar trasearnála i ndáil leis sin.

32. Machnamh a dhéanamh ar thacú leis an gcur chuige trasearnála maidir le cur chun cinn tionscadal a bhaineann leis an spórt agus leis an ngníomhaíocht choirp agus cláir chistiúcháin ábhartha an Aontais á gcur chun feidhme.

33. Na Ballstáit, an ghluaiseacht spóirt agus geallsealbhóirí ábhartha eile a chur ar an eolas maidir le cláir chistiúcháin ábhartha de chuid an Aontais agus maidir le tionscnaimh a d'fhéadfaí a úsáid chun tacú le tionscadail trasearnála a bhaineann leis an spórt agus leis an ngníomhaíocht choirp agus chun stíl fhholláin mhaireachtála a chur chun cinn.

34. Na réimsí beartais agus riaracháin sin a shainaithint ar leibhéal an Aontais atá ábhartha don spórt agus don ghníomhaíocht choirp, agus aird níos mó a tharraingt ar thionchar dearfach an spóirt agus na gníomhaíochta coirp i bpleanáil agus i gcláir earnálacha beartais eile agus i ndáil le tosaíochtaí polaitiúla foriomlána an Aontais a bhaint amach.

35. Cur le tuiscint níos fearr ar an earnáil, mar shampla, trí thaighde agus anailís eolaíoch a chur ar fáil chun tacú leis an tionchar dearfach a bhíonn ag an spórt agus ag an ngníomhaíocht choirp, lena n-áirítear na sochair airgeadais a d'fhéadfadh a bheith ag an spórt agus ag an ngníomhaíocht choirp ar earnálacha eile.

---

19 D'fhéadfaí a áireamh ar na tionscnaimh sin, Seachtain Eorpach an Spóirt, Fóram Spóirt an Aontais, an Glao a rinneadh i Tartu maidir le Stíl Fholláin Mhaireachtála a chaitheamh chomh maith le tionscnamh SHARE.

20 Moladh ón gComhairle an 26 Samhain 2013 maidir le gníomhaíocht choirp ar mhaithe le feabhsú sláinte a chur chun cinn ar fud earnálacha, go háirithe moladh 3

**IARRTAR AR AN nGLUAISEACHT SPÓIRT AGUS AR GHEALLSEALBHÓIRÍ ÁBHARTHA EILE AN MÉID A LEANAS A DHÉANAMH**

36. Páirt ghníomhach a ghlacadh i straitéisí a fhorbairt chun rannpháirtíocht na saoránach sa spórt agus sa ghníomhaíocht choirp a mhéadú.

37. Machnamh a dhéanamh ar bheith ina cuid de thionscnamh comhair trasearnála ar gach leibhéal chun an ról tábhachtach a d'fhéadfadh a bheith ag an spórt agus ag an ngníomhaíocht choirp a chur chun cinn maidir le stíl fhholláin mhaireachtála, maidir le forbairt phearsanta agus shóisialta, comhtháthú sóisialta agus cuimsiú sóisialta.

***Tagairtí***

- Moladh ón gComhairle an 26 Samhain 2013 maidir le gníomhaíocht choirp ar mhaithe le feabhsú sláinte a chur chun cinn ar fud earnálacha (IO C 354, 4.12.2013, lch. 1)
- Conclúidí ón gComhairle an 15 Nollaig 2015 maidir le scileanna luaile, gníomhaíochtaí coirp agus spóirt do leanaí a chur chun cinn (IO C 417, 15.12.2015, lch. 9)
- Conclúidí ón gComhairle an 9 Nollaig 2017 maidir le ról traenálaithe sa tsochaí (IO C 423, 9.12.2017, lch. 6)
- Conclúidí ón gComhairle an 13 Nollaig 2018 maidir le gné eacnamaíoch an spóirt agus na sochair shocheacnamaíocha a ghabhann leis (IO C 449, 13.12.2018, lch. 1)
- Conclúidí ón gComhairle an 11 Meitheamh 2020 maidir le traenálaithe a chumhachtú trí dheiseanna a fheabhsú chun scileanna agus inniúlachtaí a ghnóthú (IO C 196, 11.6.2020, lch. 1)
- Sna Conclúidí ón gComhairle an 29 Meitheamh 2020 maidir le tionchar phaindéim COVID-19 agus téarnamh san earnáil spóirt, (IO CI 214, 29.6.2020, lch. 1)
- Rún ón gComhairle agus ó Ionadaithe Rialtais na mBallstát, ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, maidir le Plean Oibre an Aontais Eorpaigh don Spórt (1 Iúil 2017 - 31 Nollaig 2020) (IO C 189, 15.6.2017, lch. 3)
- Moladh de chuid Chomhairle na hEorpa Uimh. R (92) 13 REV ó Choiste na nAirí chuig na Ballstáit maidir leis an gCairt Eorpach Spóirt leasaithe
- I mbun an domhan a athrú: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe (Rún A/RES/70/1 ó Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 25 Meán Fómhair 2015)

***<u>Sainmhíniú</u>***

Chun críche na gConclúidí seo, cónaidhmeanna spóirt, clubanna spóirt agus geallsealbhóirí eile atá dírithe ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an spórt, chomh maith le húdaráis phoiblí agus institiúidí poiblí a bhaineann leis an spórt ar leibhéil éagsúla atá i gceist leis an "earnáil spóirt".